Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/6531

4.12.2025

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12210 — PHOENIX / HAEMATO)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2025/6531)

1. An 26 Samhain 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PHOENIX Deutschland Holding GmbH ('Phoenix', an Ghearmáin), atá faoi rialú PHOENIX Pharma SE (an Ghearmáin),

— HAEMATO PHARM GmbH ('Haemato', an Ghearmáin), atá faoi rialú MPH Health Care AG (an Ghearmáin) faoi láthair.

Gheobhaidh Phoenix rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Haemato ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibríonn Phoenix mar sholáthraí cúraim sláinte chomhtháite sa Ghearmáin agus i dtíortha Eorpacha eile. Tá sé gníomhach go príomha i ndáileadh mórdhíola táirgí cógaisíochta, agus i miondíol cógaisíochta, bainistiú fardail agus réitigh lóistíochta, agus seirbhísí eile don tionscal cógaisíochta,

— Is mórdhíoltóir speisialaithe é Haemato a dháileann táirgí cógaisíochta le haghaidh VEID/SEIF, néareolaíochta, oinceolaíochta, réamaiteolaíochta agus oftailmeolaíochta sa Ghearmáin agus san Ostair.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12210 — PHOENIX / HAEMATO

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË